

Treoirlínte i leith sráidainmneacha nua *Guidelines for new streetnames*

Bundualgais

Is ar an údarás áitiúil a thiteann an fhreagracht ceartfhoirmeacha Gaeilge agus Béarla de gach sráidainm (lena n-áirítear anseo ainmneacha bóithre, lánaí, eastáit, árasán, foirgneamh, srl.) laistigh dá limistéar a sholáthar.

Ní mór don údarás áitiúil a dheimhniú go bhfuil aon chomharthaíocht a chuireann sé in airde ar aon dul leis na rialacháin faoi Alt 9 de Acht na dTeangacha Oifigiúla. Ní mór aird a thabhairt freisin ar ghnásanna clóghrafacha na Gaeilge:

Bóthar Bhaile na nGabhar
BÓTHAR BHAILE NA nGABHAR
[ceart/correct]

Cé a shocraíonn na leaganacha Gaeilge?

Má tá oifigeach Gaeilge fostaithe san údarás áitiúil beidh sé/sí in ann ceartfhoirmeacha Gaeilge a shocrú ach na treoirlínte a leanúint go cúramach.

Tá an Brainse Logainmneacha sásta, áfach, comhairle a chur ar fáil don údarás áitiúil i leith sráidainmneacha nua Gaeilge le linn an phróisis pleanála nó tar éis d'eastát a bheith tógtha i gcúram.

Cad is gá a dhéanamh?

Ní mór don údarás áitiúil an sráidainm nua a fhaomhadh i dtosach báire, is cuma cé acu an t-údarás nó an tógálaí/forbróir a roghnaigh.

Ní mór don údarás a oiread eolais agus is féidir faoin sráidainm nua a chur ar fáil. Ní mór don eolas seo a bheith cruinn.

Má leanann an t-údarás áitiúil na treoirlínte maidir le hainmneacha nua oiriúnacha, beidh bunús an tsráidainm (Bhéarla) ar eolas cheana féin agus beidh an próiseas aistriúcháin níos éasca dá réir.

Basic obligations

It is the local authority which is responsible for the provision of the correct Irish and English forms of the streetnames (which here also includes the names of roads, lanes, estates, apartments, buildings, etc.) in its jurisdiction.

The local authority must also ensure that any signage it erects complies with the regulations under Section 9 of the Official Languages Act. Attention must also be paid to the typographical conventions of the Irish language:

Bóthar Bhaile Na nGabhar
BÓTHAR BHAILE NA nGABHAR
[mícheart/incorrect]

Who decides the Irish versions?

If there is an Irish-language officer employed in the local authority, he/she will be able to decide the correct Irish form by following the guidelines carefully.

However, the Placenames Branch is happy to provide advice to the local authority on new Irish streetnames during the planning process or after the taking in charge of an estate.

What needs to be done?

The local authority must approve the new streetname in the first instance, whether it was chosen by the authority itself or the developer.

The local authority must provide as much background information as possible about the new streetname. This information must be accurate.

If the local authority is following the guidelines concerning suitable new names, the origin of the (English) streetname will already be known and the translation process will be facilitated.